An Coimisiún Eorpach

Eoraip Shóisialta Bhur scéalta

Eoraip Shóisialta

#SocialRights

AN COIMISIÚN EORPACH

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2019

© An tAontas Eorpach, 2019
Ceadaítear athúsáid ar an gcoinníoll go n-admhaítear an fhoinse.
Tá beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh arna rialú le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

Cover photo: © Erwin Zareie

Grianghraif: © An tAontas Eorpach mura sonraítear a mhalairt.

Le haghaidh aon úsáid nó atáirgeadh grianghraf nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart AE, caithfear cead a lorg go díreach ó na húinéirí cóipchirt.

Print	ISBN 978-92-79-95730-7	doi:10.2767/928018	KE-04-18-807-GA-C
PDF	ISBN 978-92-79-95726-0	doi:10.2767/50600	KE-04-18-807-GA-N

Eoraip Shóisialta
Bhur scéalta

#SocialRights

Réamhrá

Céard é Colún Eorpach na gCeart Sóisialta?

Tá an cineál saoil agus an cineál oibre atá ar bun ag go leor Eorpach sa lá inniu ann athraithe ó bhonn mar gheall ar éifeachtaí fadtréimhseacha na géarchéime eacnamaíche, i dteannta le hathruithe gan fasach ar an margadh fostaíochta.

Cruthaíonn Colún Eorpach na gCeart Sóisialta cearta nua agus níos éifeachtaí do shaoránaigh sa chomhthéacs seo. Cinnteoidh an 20 prionsabal agus ceart atá sonraithe sa cholún go mbeidh deis níos fearr ag daoine san Eoraip rochtain a fháil ar oideachas agus ar scileanna i rith a saoil mar aon lena chinntiú go mbainfidh gach oibrí tairbhe as cearta bunúsacha.

Cheadaigh ceannairí na hEorpa an Colún ag an gCruinniú Mullaigh Sóisialta a reáchtáladh sa tSualainn i Samhain 2017. Ba é sin an chéad imeacht dá leithéid le 20 bliain anuas agus an chéad tacar ceart a d'fhógair institiúidí na hEorpa ó ceadaíodh an Chairt um Chearta Bunúsacha.

Ní mór do gach duine oibriú lena chéile chun na cearta seo a bhaint amach – rialtais na hEorpa, an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta.

Creidim nach bhfuil bealach níos fearr ann chun sibhse a spreagadh chun tacú leis an iarracht seo ná samplaí ón bhfíorshaol den Cholún ag feidhmiú a roinnt.

Tá súil agam go spreagfaidh an 20 scéal atá sa leabhar seo tusa agus ár gcomhpháirtithe go léir chun Eoraip níos cothroime agus níos sóisialta a chruthú.

Marianne Thyssen

An Coimisinéir um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta, Scileanna agus Soghluaisteacht Oibrithe

Cén fáth a dteastaíonn Colún Eorpach na gCeart Sóisialta?

Is é Colún Eorpach na gCeart Sóisialta an tionscnamh sóisialta is uaillmhianaí ón AE le blianta fada anuas. Tá an Coimisiún meáite ar rath an tionscnaimh seo a chinntiú, a bhfuil sé mar aidhm leis cearta saoránach a chosaint i sochaí atá ag athrú go tapa.

Tá sé mar aidhm le 20 prionsabal agus ceart an Cholúin cóineasú sóisialta a chur chun cinn agus dul i ngleic leis na dúshláin shóisialta a bhaineann le saol nua na hoibre.

Léirítear sa leabhrán seo an bealach a bhfuil saol daoine á athrú cheana féin ag na prionsabail agus ag na cearta seo. Mar shampla:
Fuair Asko ón bhFionlainn tacaíocht ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú chun filleadh ar an ollscoil, nuair a dhún an mhonarcha Nokia a raibh sé ag obair inti ar feadh 20 bliain. Chabhraigh an deis seo leis post nua a fháil. Léirítear i scéal Asko "oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil" (Prionsabal 1 den Cholún).

Tá "cothromaíocht oibre is saoil" maith (Prionsabal 9) ag Mateusz ón bPolainn. Chaith sé 7 mí ar shaoire atharthachta ionas go bhféadfadh sé am a chaitheamh lena pháistí agus go bhféadfadh a bhean chéile leanúint ar aghaidh lena gairm bheatha.

Beidh "cúram fadtéarmach" (Prionsabal 18) ag teastáil uaidh go leor againn am éigin. Bhí cabhair ag teastáil ó Jannie ón Ísiltír chun aire a thabhairt dá máthair 82 bhliain d'aois, nuair a fuair sí amach go raibh néaltrú uirthi.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gCoimisiún cheana féin lena chinntiú go n-áirítear na prionsabail agus na cearta seo i reachtaíocht AE maidir le dálaí oibre soiléire agus trédhearcacha; maidir le cosaint shóisialta a chur ar fáil do gach duine; agus tionscnamh cothromaíochta oibre is saoil a thugann deis do thuismitheoirí agus do chúramóirí roinnt ama a chaitheamh i mbun oibre agus roinnt ama a chaitheamh lena dteaghlaigh ar bhealach níos éifeachtaí.

Is fiú míle focal grianghraf – comórtas grianghraf #MySocialRights

Thugamar cuireadh d'Eorpaigh óga páirt a ghlacadh i gcomórtas grianghraf #MySocialRights. Ba í an cheist a cuireadh orthu "Cén tuiscint atá agat ar do chearta sóisialta san Eoraip?" agus moladh dóibh an cheist a fhreagairt le grianghraf, ag díriú ar cheann amháin de 20 prionsabal Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Bhí an 15 ghrianghraf is fearr ar taispeáint ag an gCruinniú Eorpach um an Óige in Strasbourg i mí na Bealtaine 2018. Tá na grianghraif is fearr le feiceáil sa leabhrán seo.

Is mian linn buíochas a ghabháil leis na daoine ar fad a roinn a n-eispéiris agus a ngrianghraif linn. Tá réaltacht shóisialta na hEorpa éagsúil agus síorathraitheach. Más mian leat do scéalta nó moltaí féin maidir le hEoraip níos cothroime agus níos sóisialta a roinnt, úsáid an haischlib #SocialRights ar Facebook, Twitter nó Instagram.

Colún Eorpach na gCeart Sóisialta – 20 prionsabal agus ceart bunaithe ar thrí chatagóir:

Comhdheiseanna agus rochtain ar an margadh saothair

Prionsabal 1. Oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil
Prionsabal 2. Comhionannas inscne
Prionsabal 3. Comhdheiseanna
Prionsabal 4. Tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht

Dálaí oibre cothroma

Prionsabal 5. Fostaíocht shlán agus inoiriúnaithe
Prionsabal 6. Pá
Prionsabal 7. Faisnéis maidir le dálaí fostaíochta agus cosaint i gcás dífhostaithe
Prionsabal 8. Idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe
Prionsabal 9. Cothromaíocht oibre is saoil
Prionsabal 10. Timpeallacht shláintiúil, shábháilte agus dea-oiriúnaithe oibre agus cosaint sonraí

Cosaint agus cuimsiú sóisialta

Prionsabal 11. Cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí
Prionsabal 12. Cosaint shóisialta
Prionsabal 13. Sochair dífhostaíochta
Prionsabal 14. Ioncam íosta
Prionsabal 15. Ioncam seanaoise agus pinsin
Prionsabal 16. Cúram sláinte
Prionsabal 17. Cuimsiú daoine faoi mhíchumas
Prionsabal 18. Cúram fadtéarmach
Prionsabal 19. Tithíocht agus cúnamh do dhaoine gan dídean
Prionsabal 20. Rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha

COMHDHEISEANNA AGUS ROCHTAIN AR AN MARGADH SAOTHAIR

1. OIDEACHAS, OILIÚINT AGUS FOGHLAIM AR FEADH AN tSAOIL
2. COMHIONANNAS INSCNE
3. COMHDHEISEANNA
4. TACAÍOCHT GHNÍOMHACH DON FHOSTAÍOCHT

"BAINEADH GEIT UAFÁSACH ASAM NUAIR A DHÚN MONARCHA NOKIA SAN FHIONLAINN... BHÍ 20 BLIAIN CAITE AGAM AG OBAIR SA MHONARCHA.

CHUN CABHRÚ LIOM LEANÚINT AR AGHAIDH LE MO SHAOL, THACAIGH AN CISTE EORPACH UM CHOIGEARTÚ DON DOMHANDÚ LIOM SCILEANNA NUA A FHOGHLAIM, AGUS I nDIAIDH DOM CÚRSA SAN EOLAÍOCHT FHEIDHMEACH A CHRÍOCHNÚ IN OLLSCOIL TURKU, D'ÉIRIGH LIOM POST NUA A FHÁIL. TÁ MÉ AG OBAIR MAR BHAINISTEOIR TÁIRGTHE I nGNÓLACHT IONCHLANNÁN LEIGHIS ANOIS."

ASKO KOPONEN

TAIRBHÍ AN CHISTE EORPAIGH UM CHOIGEARTÚ DON DOMHANDÚ (EGF), AN FHIONLAINN

"COSÚIL LE TÍORTHA EILE SAN AE, BÍONN DEACRACHTAÍ AG MNÁ SA bhULGÁIR POIST A FHÁIL SNA GAIRMEACHA A BHFUIL NÍOS MÓ FEAR AG OBAIR IONTU.

SÍLIM GUR FÉIDIR LEIS AN AONTAS EORPACH CABHRÚ TRÍ BHEARTAIS A BHUNÚ CHUN BOCHTAINEACHT AGUS EISIAMH SÓISIALTA I MEASC NA mBAN A LAGHDÚ."

RAYA RAEVA

SAINEOLAÍ CUMARSÁIDE,
AN BHULGÁIR

"NÍOR THUG MÉ AIRD AR BITH AR ROCHTAIN AR OIDEACHAS GO DTÍ GUR THOSAIGH MÉ AG MÚINEADH GEARMÁINIS DO PHÁISTÍ AR DÍDEANAITHE NEAMHTHIONLACTHA IAD. ANSIN THUIG MÉ GO RAIBH ROCHTAIN THEORANTA AG ROINNT MIONAOISEACH AR SCOIL, AGUS NACH RAIBH OIDEACHAS AR BITH FAIGHTE AG ROINNT EILE...

TÁ RÓL LÁRNACH AG ROCHTAIN AR OIDEACHAS I gCOMHDHEISEANNA DO GACH DUINE A CHINNTIÚ AGUS A RÁTHÚ."

MAGDALENA KARNER

MÚINTEOIR GEARMÁINISE AGUS CAOMHNÓIR DO DHÍDEANAITHE MIONAOISIGH NEAMHTHIONLACTHA, AN OSTAIR

© Magdalena Karner

"I nDIAIDH DOM AN ARDSCOIL A FHÁGÁIL NÍOR ÉIRIGH LIOM POST A FHÁIL. CHABHRAIGH CLÁR RÁTHAÍOCHTA DON AOS ÓG AN AE LIOM TABHAIRT FAOI PHRINTÍSEACHT GRUAGAIREACHTA. Ó SHIN I LEITH TÁ MÉ TAR ÉIS TAMALL A CHAITHEAMH AG OBAIR I dTRÍ SHALÓN GRUAIGE DHIFRIÚLA AGUS ANOIS TÁ MÉ AR TÍ MO GHNÓ FÉIN A OSCAILT LE CARA LIOM."

ARISTEA ZACHARI

GRUAGAIRE AGUS TAIRBHÍ NA RÁTHAÍOCHTA DON AOS ÓG, AN GHRÉIG

DALAÍ OIBRE COTHROMA

5. FOSTAÍOCHT SHLÁN AGUS INOIRIÚNAITHE
6. PÁ
7. FAISNÉIS MAIDIR LE DÁLAÍ FOSTAÍOCHTA AGUS COSAINT I gCÁS DÍFHOSTAITHE
8. IDIRPHLÉ SÓISIALTA AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT OIBRITHE
9. COTHROMAÍOCHT OIBRE IS SAOIL
10. TIMPEALLACHT SHLÁINTIÚIL, SHÁBHÁILTE AGUS DEA-OIRIÚNAITHE AGUS COSAINT SONRAÍ

© Belga/Maxppp/Alexandre Marchi

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

GACH BLIAIN, ÉIRÍONN LE DAOINE OBAIR A FHÁIL TRÍ GHNÍOMHAIREACHTAÍ OIBRE SEALADACHA.

FAOI DHLÍ AN AE, NÍ MÓR D'OIBRITHE ATÁ AG OBAIR DO GHNÍOMHAIREACHTAÍ SEALADACHA TAIRBHE A BHAINT AS NA DÁLAÍ CÉANNA FOSTAÍOCHTA AGUS OIBRE LENA gCOMHGHLEACAITHE A bhFUIL AN OBAIR CHÉANNA Á DÉANAMH ACU (COSÚIL LE PÁ, LAETHANTA SAOIRE, AM OIBRE, TRÉIMHSÍ SOSA, SAOIRE MHÁITHREACHAIS, ROCHTAIN AR CHEAINTÍNÍ, ÁISEANNA CÚRAIM LEANAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ IOMPAIR). TÁ SÉ DE CHEART ACU GO gCUIRFÍ AR AN EOLAS IAD MAIDIR LE hAON FHOLÚNTAS SA CHUIDEACHTA A bhFUIL SIAD AG OBAIR INTI.

© Belga/Afp/Eric Cabanis

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

IN 2018, D'ARDAIGH AN PÁ I nGACH TÍR SAN AE.

TACAÍONN AN AE LE CEART GACH OIBRÍ CHUN PÁ COTHROM LE hAGHAIDH CAIGHDEÁN MAIREACHTÁLA CUIBHIÚIL.

© Belga/Afp/Eric Cabanis

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

TÁ TRÉIMHSÍ PROMHAIDH TEORANTA DO 6 MHÍ.

TÁ SÉ MOLTA AG AN gCOIMISIÚN EORPACH GO gCUIRTEAR GACH OIBRÍ AR AN EOLAS I SCRÍBHINN MAIDIR LEIS NA COINNÍOLLACHA BUNÚSACHA A BHAINEANN LENA gCAIDREAMH FOSTAÍOCHTA, AGUS LEAGTAR SÍOS CEARTA NUA LE hAGHAIDH GACH OIBRÍ, LENA nÁIRÍTEAR IAD SIÚD ATÁ PÁIRTEACH I bhFOIRMEACHA NEAMHCHAIGHDEÁNACHA FOSTAÍOCHTA (COSÚIL LE hOIBRITHE TÍ, OIBRITHE PÁIRTAIMSEARTHA NÓ OIBRITHE A bhFUIL CONARTHAÍ AN-GHEARR ACU).

© Belga/Afp/Eric Cabanis

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

D'OIBRIGH AN COIMISIÚN EORPACH LE COMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA AR MHAITHE LE DÁLAÍ OIBRE SAN EARNÁIL IASCAIREACHTA A FHEABHSÚ.

GO MINIC CAITHEANN IASCAIRÍ LAETHANTA I nDIAIDH A CHÉILE AG MAIREACHTÁIL AGUS AG OBAIR AR BORD BÁD IASCAIREACHTA, I gCOINNÍOLLACHA DÚSHLÁNACHA AGUS AG OBAIR LE TREALAMH TROM. TÁ AN RÁTA TIONÓISCÍ AGUS GORTAITHE ARD. A BHUÍOCHAS LE COMHAONTÚ IDIR IONADAITHE NA hEARNÁLA, GHLAC AN AE LE RIALACHA NUA CHUN DÁLAÍ MAIREACHTÁLA AGUS OIBRE IASCAIRÍ A FHEABHSÚ.

"TRÍ SHAOIRE THUISMITHEOIREACHTA A ROINNT GO COTHROM FEABHSAÍTEAR AN CHOTHOMAÍOCHT OIBRE IS SAOIL D'FHIR AGUS DO MHNÁ. INÁR gCÁS FÉIN, BHÍ MO BHEAN CHÉILE IN ANN FILLEADH AR AN OBAIR NÍOS LUAITHE, AG TRÁTH CINNIÚNACH INA GAIRM, AGUS D'ÉIRIGH LIOMSA 7 MÍ FHIÚNTACHA A CHAITHEAMH LEIS NA LEANAÍ."

MATEUSZ HANSLIK

MÁINLIA ORTAIPÉIDEACH, ATHAIR AR SAOIRE THUISMITHEOIREACHTA, AN PHOLAINN

"D'FHÉADFADH GORTUITHE A BHAINEANN LEIS AN OBAIR A BHEITH THAR A BHEITH COSTASACH I gCÁS GNÓTHAÍ BEAGA. CUIRIMID NEART OILIÚNA AR ÁR bhFOIREANN CHUN NOCHTADH DO LUAIDHE NÓ DO AISPEIST A CHOSC, CHUN SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT ÁR bhFOIREANN SAN IONAD OIBRE A CHINNTIÚ, AGUS LENA CHINNTIÚ GO dTUIGEANN ÁR bhFOSTAITHE NA BEARTA AR FAD AGUS GO gCUIREANN SIAD NA BEARTA SIN I bhFEIDHM."

RACHEL PELLÉ

STIÚRTHÓIR BAINISTÍOCHTA,
CUIDEACHTA PÉINTEÁLA,
AN FHRAINC

COSAINT AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA

11. CÚRAM LEANAÍ AGUS TACAÍOCHT DO LEANAÍ
12. COSAINT SHÓISIALTA
13. SOCHAIR DÍFHOSTAÍOCHTA
14. IONCAM ÍOSTA
15. IONCAM SEANAOISE AGUS PINSIN
16. CÚRAM SLÁINTE
17. CUIMSIÚ DAOINE FAOI MHÍCHUMAS
18. CÚRAM FADTÉARMACH
19. TITHÍOCHT AGUS CÚNAMH DO DHAOINE GAN DÍDEAN
20. ROCHTAIN AR SHEIRBHÍSÍ BUNRIACHTANACHA

© Eurocities

"IS MÁTHAIR SHINGIL MÉ AGUS NÍL SÉ ÉASCA POST A FHÁIL GAN CÚRAM LEANAÍ.

A BHUÍOCHAS LE TIONSCADAL CÚRAIM LEANAÍ NA CATHRACH, TÁ A FHIOS AGAM GO bhFUIL M'INÍON SLÁN SÁBHÁILTE FAD IS ATÁ MISE AG OBAIR."

TAIRBHÍ THIONSCADAL SEIRBHÍSÍ CÚRAIM LEANAÍ RELAIS NORD, AN FHRAINC

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

TÁ THART AR 40 % DE DHAOINE AG OBAIR I bhFOIRMEACHA NEAMHTHIPICIÚLA FOSTAÍOCHTA NÓ TÁ SIAD FÉINFHOSTAITHE

GO MINIC NÍL NA CÓRAIS SLÁNDÁLA SÓISIALTA ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR OIRIÚNACH D'OIBRITHE A bhFUIL POIST SHEALADACHA NÓ PHÁIRTAIMSEARTHA ACU, NÓ DO DHAOINE FÉINFHOSTAITHE, RUD A FHÁGANN GO bhFUIL NA GRÚPAÍ SEO GAN DÓTHAIN COSANTA. IS MIAN LEIS AN gCOIMISIÚN A CHINNTIÚ GO bhFUIL DÓTHAIN CUMHDAIGH AG GACH DUINE ATÁ AG OBAIR, BEAG BEANN AR A STÁDAS FOSTAÍOCHTA, FAOI SCÉIMEANNA SLÁNDÁLA SÓISIALTA AGUS GO bhFUIL COSAINT ACU I gCOINNE ÉIGINNTEACHT EACNAMAÍOCH.

© Belga/Afp/Stephane Danna

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

FUAIR NA MÍLTE DUINE I LOMBAIRD, SAN IODÁIL, OBAIR TRÍ LEAS A BHAINT AS SCÉIM DEARBHÁN.

IS FÉIDIR LE SAORÁNAIGH DÍFHOSTAITHE NA DEARBHÁIN A ÚSÁID CHUN ROCHTAIN A FHÁIL AR OILIÚINT, SOCRÚCHÁIN OIBRE NÓ TACAÍOCHT FIONTRAÍOCHTA.

D'ÉIRIGH GO hIONTACH LEIS AN SCÉIM. GO DTÍ SEO, FUAIR BEAGNACH 80 % DEN 82 000 TAIRBHÍ POST I nDIAIDH DÓIBH PÁIRT A GHLACADH SA SCÉIM.

© Istock/FilipporRacci

© Belga/Bert Spiertz/Hollandse Hoogte

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

TÁ TÁSTÁIL Á DÉANAMH AG CATHAIR BARCELONA AR NA hÉIFEACHTAÍ ATÁ AG IONCAM ÍOSTA RÁTHAITHE AR 1 000 TEAGHLACH ÍSEALIONCAIM.

COISCEANN AN TIONSCADAL PÍOLÓTACH SEO ATÁ Á MHAOINIÚ AG AN AE CÓNAITHEOIRÍ Ó DHUL I dTREO NA BOCHTAINEACHTA, AGUS SAN AM CÉANNA SLÁNDÁIL AGUS SAOIRSE EACNAMAÍOCH A SHOLÁTHAR.

"IS PINSINÉIR MÉ LE BREIS IS 10 mBLIANA ANUAS, ACH NÍ RAIBH DÓTHAIN AIRGID Á FHÁIL AGAM CHUN TACÚ LE MO THEAGHLACH. GHLAC MÉ LE COMHAIRLE M'INÍON AGUS ANOIS IS ÓSTACH AIRBNB MÉ.

CIALLAÍONN SÉ GUR FÉIDIR LIOM A BHEITH AG OBAIR GAN CONRADH A SHÍNIÚ, RUD A CHINNTÍONN SOLÚBTHACHT AGUS SAOIRSE. BA CHEART GO mBEADH AN DEIS AG DAOINE NÍOS SINE A BHEITH AG OBAIR AGUS A gCION A DHÉANAMH."

TOM GALLIGAN

PINSINÉIR AGUS ÓSTACH AIRBNB
(GEILLEAGAR ROCHTANA), ÉIRE

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

TÁ CÚRAM SLÁINTE TUAITHE Á THABHAIRT AR AN mBÓTHAR AG AN AE.

NÍL ACH ROCHTAIN THEORANTA AG GO LEOR DAOINE ATÁ AG CUR FÚTHU I gCEANTAIR NÓ RÉIGIÚIN IARGÚLTA, DE THORADH THRÉIGEAN NA TUAITHE, AR CHÚRAM SLÁINTE AGUS BÍONN ORTHU AISTEAR FADA A DHÉANAMH CHUIG AN OSPIDÉAL NÓ DOCHTÚIR IS CÓNGARAÍ DÓIBH. A BHUÍOCHAS LE MAOINIÚ ÓN AE, I gCÚIGE FIONLANNACH NA CAIRÉILE, RINNEADH VEAIN CHAMPÁLA OIRIÚNÚ MAR IONAD SOGHLUAISTE CÚRAIM SLÁINTE, AG CUR SEIRBHÍSÍ LEIGHIS INROCHTANA AR FÁIL DO 100 000 DUINE, AR A LAGHAD.

© Eskote

"TUIGIM A bhFUIL I gCEIST LE BHEITH FAOI MHÍCHUMAS AGUS MAIREACHTÁIL LE DÍNIT. IS CEATHAIRPHLÉIGEACH MÉ AGUS IS AISTEOIR MÉ A BHÍONN LE FEICEÁIL SAN AMHARCLANN, AR AN TEILIFÍS AGUS I SCANNÁIN. ÚSÁIDIM CATHAOIR ROTHAÍ MAR GO bhFUIL SRIAN AR MO CHUMAS GLUAISEACHTA ÓN MUINEÁL SÍOS.

SIN É AN CHÚIS NACH MÓR DOM A BHEITH IN ANN GLUAISEACHT THART GO hÉASCA, A BHEITH AG OBAIR AGUS PÁIRT A GHLACADH I SAOL NA CATHRACH AGUS GAN A BHEITH AR AN IMEALL NÓ GO mBEADH LEITHCHEAL Á DHÉANAMH ORM."

SAMUEL KOCH

AISTEOIR,
AN GHEARMÁIN

"D'FHOGHLAIM MÉ FAOIN TÁBHACHT A BHAINEANN LE CÚRAM FADTÉARMACH INACMHAINNE NUAIR A BHÍ STRÓC AR MO MHÁTHAIR A BHÍ 82 BLIAIN D'AOIS. TÁ NÉALTRÚ SOITHÍOCH UIRTHI ANOIS AGUS TÁ SÍ INA CÓNAÍ I dTEACH ALTRANAIS.

TUGAIM CUAIRT UIRTHI THART AR THRÍ BHABHTA IN AGHAIDH NA SEACHTAINE, CHUN CABHRÚ LÉI BIA A ITHE AGUS CHUN Í A THABHAIRT AMACH SAN AER INA CATHAOIR ROTHAÍ.

DE BHRÍ GO bhFUIL AN DAONRA AG DUL IN AOIS, BEIDH CÚRAM DEN CHINEÁL SEO AG TEASTÁIL Ó NÍOS MÓ EORPACH."

JANNIE KWAKERNAAT

BAINISTEOIR AD AGUS CÚRAMÓIR,
AN ÍSILTÍR

"B'ÉIGEAN DOM A CHINNTIÚ NACH RABHAMAR GAN DÍDEAN AGUS GUR FHAN AN TEAGHLACH LE CHÉILE. I nDIAIDH DOM COLSCARADH A FHÁIL, CHABHRAIGH AN TIONAD POIBLÍ CÚNAIMH SHÓISIALTA LIOM TITHÍOCHT SHEALADACH A AIMSIÚ, RUD A THUG DEIS DOM COMHCHAOMHNÓIREACHT A DHÉANAMH AR MO THRIÚR LEANAÍ. CÉ NACH RAIBH SÉ I gCEIST AGAM A BHEITH SA TITHÍOCHT SHEALADACH ACH AR FEADH 3 MHÍ, TÁ 2 BHLIAIN CAITE AGAM SAN ÁRASÁN.

ANOIS TÁ SIAD FIÚ AMHÁIN AG CABHRÚ LIOM POST A FHÁIL A THABHARFAIDH DEIS DOM ATHIMEASCADH SA tSOCHAÍ."

LAURENT VIGNERON
AN BHEILG

© Belga/Maxpop/Lionel Vadam

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

TÁ AN tAONTAS EORPACH AG CAITHEAMH NA BILLIÚIN EURO CHUN CÁILÍOCHT AN UISCE A FHEABHSÚ.

BAINEANN FORMHÓR D'EORPAIGH TAIRBHE AS ROCHTAIN AR UISCE ÓIL ATÁ GLAN AGUS SÁBHÁILTE, A BHUÍOCHAS LE DLÍTHE COMHSHAOIL EORPACHA AGUS MAOINIÚ AE.

I RITH NA TRÉIMHSE 2014–2020 TÁ €14.8 BILLIÚN Á INFHEISTIÚ AG AN AONTAS EORPACH CHUN SOLÁTHAIRTÍ UISCE A UASGHRÁDÚ LE hAGHAIDH 12 MHILLIÚN DUINE BREISE.

IS FIÚ MÍLE FOCAL GRIANGHRAF

GRIANGHRAIF BHUAITEACHA Ó #MYSOCIALRIGHTS COMÓRTAS EAGRAITHE
AG AN gCOIMISIÚN EORPACH (2018)

BA É ÁBHAR AN CHOMÓRTAIS SEO DO DHAOINE ÓGA ATÁ AG CUR FÚTHU SAN AE
“CÉN TUISCINT ATÁ AGAT AR DO CHEARTA SÓISIALTA SAN EORAIP?”

© Erwin Zareie

CUIR DEIREADH LEIS AN MARÚ: I dTEANNTA A CHÉILE IS FÉIDIR TODHCHAÍ NÍOS FEARR A CHINNTIÚ

ERWIN ZAREIE

AN GHRÉIG

"IS DÍDEANAÍ AS AN !ARÁIN MÉ, AGUS TÁ MÉ I MO CHÓNAÍ SA GHRÉIG ANOIS. THÓG MÉ AN GRIANGHRAF SEO AG CAMPA DÍDEANAITHE, ÁIT A mBÍONN MÉ AG OBAIR GO DEONACH. BHÍ MÉ AG CAINT LE ROINNT DE NA TUISMITHEOIRÍ FAD IS A BHÍ A LEANAÍ AG SPRAOI. NÍ hÉ SEO AN CHÉAD UAIR AR CHUIR MÉ NA CEISTEANNA SEO: "CÉN FÁTH AR FHÁG TÚ DO THÍR? CÉN FÁTH AR THÁINIG GO DTÍ AN EORAIP?" D'FHÉACH NA TUISMITHEOIRÍ AR A LEANAÍ, AGUS BHÍ AN FREAGRA CÉANNA ACU AR FAD: "MAR GHEALL ORTHU SIÚD!"

© Chiara Vitali

TABHAIR AIRE DUIT FÉIN

CHIARA VITALI

AN IODÁIL

"ÁIRÍTEAR DÚLAGAR AGUS FADHBANNA MEABHAIRSHLÁINTE EILE I MEASC NA bPRÍOMHCHÚISEANNA ATÁ LEIS AN RÁTA ARD FÉINMHARAITHE I MEASC DAOINE ÓGA SA LÁ INNIU ANN. INÁR SOCHAÍ, TÁ STIOGMA FÓS AG BAINT LE FADHBANNA SÍCEOLAÍOCHA NACH bhFUILIMID SÁSTA DUL I nGLEIC LEIS. GO MINIC NÍ GHLACTAR LE FADHBANNA MEABHAIRSHLÁINTE MAR FHADHBANNA DÁIRÍRE, CÉ GUR FÉIDIR LEO DAOINE A THARRAINGT ISTEACH I LIONN DUBH AGUS GO MINIC NÍ FÉIDIR ÉALÚ ÓN DORCHADAS SIN ACH TRÍ DHUL I MUINÍN TEIRIPE.

THÓG MÉ AN GRIANGHRAF SEO NUAIR A BHÍ MÉ AG DÉILEÁIL LE TRÉIMHSE DHÚSHLÁNACH. BHÍ MÉ AG IARRAIDH TEACHT AR BHEALACH CHUN MO MHOTHÚCHÁIN A CHUR IN IÚL. BA MHÓR AN CHABHAIR AN GHRIANGHRAFADÓIREACHT: OS COMHAIR AN CHEAMARA, D'FHÉADFAINN A BHEITH IONRAIC AGUS MO CHUID LAIGÍ AR FAD A LÉIRIÚ. IS IONANN AN GRIANGHRAF SEO, AR A dTUGTAR "TABHAIR AIRE DUIT FÉIN", AGUS SIOMBAIL DEN BHEALACH AR FHOGHLAIM MÉ CONAS DÉILEÁIL LE MO CHUID FADHBANNA. BHÍ MÉ SÁCH MUINÍNEACH CHUN CABHAIR A LORG AGUS MAITHIÚNAS A THABHAIRT AGUS AIRE A THABHAIRT DOM FÉIN."

SWEET HOME / SRÁIDE MILIS

ZSÓFIA ANNA KOLLÁR

AN UNGÁIR

"CÁ RACHAIMID A CHODLADH ANOCHT? THÓG MÉ AN GRIANGHRAF SEO LE MO CHEAMARA ANALÓGACH I mBÚDAIPEIST NUAIR A BHÍ MÉ AG SIÚL ABHAILE CÚPLA SEACHTAIN ROIMH AN NOLLAIG IN 2013. CHONAIC MÉ AN TEACH BEAG SINSÉIR SEO I gCÚINNE INA mBÍODH DAOINE GAN DÍDEAN AN CHEANTAIR AG BAILIÚ LE CHÉILE.

NÍ FHÉADFAINN É A LIGEAN I NDEARMAD AGUS THÓG MÉ GRIANGHRAF AR AN bPOINTE. SÍLIM FÓS GO bhFUIL SÉ SEO AR CHEANN DE NA hÍOMHÁNNA IS TRUAMHÉALAÍ A THÓG MÉ RIAMH. IS SIOMBAIL IONTACH É DEN CHINEÁL SAOIL A CHAITHEANN DAOINE GAN DÍDEAN."

© Zsófia Anna Kollár

© Vitor Marques

PÓG NA BEATHA

VITOR MARQUES

AN PHORTAINGÉIL

"TÁ AN TEICNEOLAÍOCHT TAGTHA IN ÁIT AN tSAOIL AMUIGH FAOIN AER. NÍ MIAN LE LEANAÍ DUL AMACH AG TAISCÉALAÍOCHT NÍOS MÓ. CREIDIM GUR COMHARTHA D'ATHRÚ DEN SÓRT SIN É AN 'PÓG' SEO."

© Karolis Miodišauskas

MAIREACHTÁIL NEAMHSPLEÁCH

KAROLIS MIODIŠAUSKAS

AN LIOTUÁIN

"IS FOIREANN DAOINE AG A bhFUIL CUMAS MEASCTHA Ó RÉIMSÍ ÉAGSÚLA OIBRE AGUS OIDEACHAIS É MAIREACHTÁIL NEAMHSPLEÁCH... IS MIAN LINN ROCHTAIN OSCAILTE, CHOTHROM, CHÓIR AGUS INACMHAINNE AR OIDEACHAS, SEIRBHÍSÍ, AGUS IOMPAR A THIONSCNAMH AGUS A CHRUTHÚ AGUS CUIMSIÚ SA MHARGADH SAOTHAIR A FHEABHSÚ."

© Manuel Gómez Bautista

TEORAINNEACHA

MANUEL GÓMEZ BAUTISTA

AN SPÁINN

"COSNAÍONN AN PÍOSA SEO NA CEARTA AGUS AN COMHIONANNAS I MEASC DAOINE AG A bhFUIL GNÉASCHLAONADH DIFRIÚIL I gCOMPARÁID LEIS AN STEIRÉITÍOPA ATÁ CRUTHAITHE AG CAIGHDEÁIN SHÓISIALTA. IS IONANN AN GRIANGHRAF SEO AGUS GAIRM AR PHAIREACHT, AGUS IDIRDHEALUITHE A BHAINEANN LE GNÉASCHLAONADH (COSÚIL LE SA CHÁS SEO), CINÍOCHA, CULTÚIR NÓ REILIGIÚIN A LIGEAN I nDEARMAD."

© Roma Đurić

TODHCHAÍ LÁN DÓCHAIS

ROMA ĐURIĆ
AN CHRÓIT

"NÍOR CHEART GO mBEADH AR DHAOINE SCOTHAOSTA DUL SA TÓIR AR AN DÓCHAS; BA CHEART GO mBEADH AN TODHCHAÍ LÁN DÓCHAIS."

SÚILE AG CAINT

TOMMASO MITSUHIRO SUZUDE

AN IODÁIL

"DÚIRT SIAD LIOM NACH nDÉARFADH MÉ FOCAL GO DEO. TÁ CUMAS CAINTE AGAM ANOIS. MAR IRISEOIR, MAR SCRÍBHNEOIR, AGUS GO hÁIRITHE MAR DHUINE.

THUG MO SHÚILE DEIS LABHARTHA DOM NUAIR A THEIP AR MO GHLÓR, AGUS ANOIS TÁ MÉ IN ANN LABHAIRT AMACH. DOM FÉIN, DO MO CHEARTA, DO GACH DUINE NACH MÓR A gCEARTA A RÁ AMACH OS ARD."

© Tommaso Mitsuhiro Suzude

© Nikolay Iliyanov Shabarkov

TROID AR SON DO CHIRT

NIKOLAY ILIYANOV SHABARKOV

AN BHULGÁIR

"TÁ TEIDEAL AN GHRIANGHRAIF AISTRITHE ÓN SLUÁN I mBULGÁIRIS AR AN gCOMHARTHA. THÓG MÉ AN GRIANGHRAF SEO I RITH "MHÓRTAS SHÓIFIA" 2015. IS IMEACHT BLIANTÚIL É MÓRTAS SHÓIFIA A REÁCHTÁILTEAR I SÓIFIA I MÍ MEITHIMH.

IS MÁIRSEÁIL AGUS PARÁID SHÍOCHÁNTA É DO DHAOINE LEISPIACHA, AERACHA, DÉGHNÉASACHA AGUS TRASINSCNEACHA AGUS A gCAIRDE, IMEACHT A bhFUIL IDIR AGÓID SHÓISIALTA AGUS PHOLAITIÚIL AGUS SIAMSAÍOCHT SAN ÁIREAMH ANN."

DIOSTÓIPE SHÍORAÍ: LUACH NA DAONNACHTA LIGTHE I nDEARMAD

RENÁTA ADRIENN URI

AN RÓMÁIN

"INÁR dTÍR, NÍL LUACH AR BITH AG BAINT LEIS AN ÍSEALAICME AGUS LE DAOINE GAN DÍDEAN; NÍ THABHARFAIDH AON DUINE POST DÓIBH NÓ NÍL MEAS ORTHU MAR GO bhFUIL AG ÉIRÍ LEO MAIREACHTÁIL Ó LÁ GO LÁ."

© Renáta Adrienn Uri

SAOIRSE AN LINBH TRÍ EOLAS A SHEALBHÚ

IEVA MADELEINE DALE

AN LAITVIA

"TÁ AN CEART CHUN OIDEACHAIS AG GACH LEANBH, BEAG BEANN AR CHINE, INSCNE NÓ STÁDAS EACNAMAÍOCH."

© Ieva Madeleine Dale

© Szymon Stępniak

CÉARD FAOIN TODHCHAÍ?

SZYMON STĘPNIAK

AN PHOLAINN/AN PHORTAINGÉIL

"TÁ LÉARGAS LE FÁIL SA GHRIANGHRAF SEO AR IARRACHT A BHEITH Á DÉANAMH AG DAOINE SCOTHAOSTA AIRD A THARRAINGT AR FHADHB NA bPINSEAN. BEAG BEANN AR A nAOIS NÓ DEACRACHTAÍ, CHINN SIAD TRÁTHNÓNA AMHÁIN A CHAITHEAMH AMUIGH AR AN tSRÁID, AG SEINM CEOIL AGUS AG TABHAIRT DEIS DO DHAOINE PÁIRT A GHLACADH SAN ÓCÁID. I nDAONLATHAS, TÁ SÉ NÁDÚRTHA GO nDÉANFADH SAORÁNAIGH IARRACHT TIONCHAR A IMIRT AR AN bPRÓISEAS CINNTEOIREACHTA. LE CHÉILE NÓ INÁR nAONAR, GO FEICEÁLACH NÓ GO CIÚIN, GO SÍOCHÁNTA NÓ GO hÁITITHEACH, GO TOSTACH NÓ GO CEOLMHAR."

CEARTA / DÍSHEALBHÚ

SAMUEL NACAR

AN SPÁINN

"IMIRCIGH AR BORD *THE OPEN ARMS*, AN SOITHEACH *OPEN ARMS* ÓN EAGRAÍOCHT NEAMHRIALTASACH SPÁINNEACH *PROACTIVA*, AG BAINT CALAFORT CROTONE, AN IODÁIL, AMACH I nDIAIDH IAD A THARRTHÁIL SA CHRIOS CUARDAIGH AGUS TARRTHÁLA AN 3 SAMHAIN 2017. FUAIR BREIS IS 3 000 IMIRCEACH BÁS LE LINN DÓIBH IARRACHT A DHÉANAMH AN EORAIP A BHAINT AMACH AR MUIR IN 2017, AGUS TÁ BREIS IS 500 TAR ÉIS BÁS A FHÁIL GO DTÍ SEO I MBLIANA. TÁ SÉ FÓGARTHA AG AN EAGRAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA UM IMIRCE (IOM) GURB É AN MHEÁNMHUIR AN TEORAINN IS CONTÚIRTÍ AR DOMHAN."

© Samuel Nacar

© Sara Ivanović

LEANAÍ Ó DHÍLLEACHTLANN SUITE I mBAILE BEAG SA BHULGÁIR

SARA IVANOVIĆ
AN CHRÓIT/AN BHULGÁIR

"TÁ LEANAÍ Ó DHÍLLEACHTLANN I mBAILE BEAG SA BHULGÁIR AR A dTUGTAR DOLNA BANYA SÁSTA BUALADH LE MIC LÉINN Ó THÍORTHA EORPACHA EILE ATÁ TAGTHA AR CUAIRT ORTHU. A BHUÍOCHAS LE DAOINE DEA-CHROÍOCHA TUGADH AIRE DÓIBH AINNEOIN GO RAIBH SAOL DEACAIR ACU ROIMHE SIN."

© Victor Martinez Pacheco

BRAITHEANN AN TODHCHAÍ AR AN MÉID A DHÉANTAR INNIU

VICTOR MARTINEZ PACHECO

AN SPÁINN

"CIALLAÍONN MEAS NA LUACHANNA ATÁ AG DAOINE DIFRIÚLA A THUISCINT AGUS AIRD A THABHAIRT ORTHU. MÚINEANN SÉ DÚINN NÁR CHEART GO mBEADH AON TEORAINN LE hÉAGSÚLACHT.

LÉIRÍTEAR SA GHRIANGHRAF SEO, DAR LIOM, A TÓGADH I gCALAFORT IASCAIREACHTA CARTAGENA, AN IARRACHT, AN OBAIR DHIAN AGUS AN BHUANSEASMHACHT ATÁ RIACHTANACH CHUN ARDCHAIGHDEÁN A BHAINT AMACH."

Teagmháil a dhéanamh le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh

Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad Eolais "Europe Direct" ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil anseo: https://europa.eu/european-union/contact_ga

Ar an bhfón nó le ríomhphost

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach:
Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:
— ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11
(d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),
— ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696, nó
— le ríomhphost, tríd an suíomh: https://europa.eu/european-union/contact_ga

Eolas a fháil faoin Aontas Eorpach

Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa ag: https://europa.eu/european-union/index_ga

Foilseacháin de chuid an Aontais

Is féidir leat foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh, idir cinn saor in aisce agus cinn a bhfuil praghas orthu, a íoslódáil nó a ordú ag: https://publications.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna de na foilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad eolais áitiúil chun é sin a dhéanamh (féach https://europa.eu/european-union/contact_ga).

Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar eolas dlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1952 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex ag:
http://eur-lex.europa.eu

Sonraí oscailte ón Aontas Eorpach

Is féidir teacht ar thacair shonraí ón Aontas Eorpach ag Tairseach Sonraí Oscailte an Aontais (http://data.europa.eu/euodp/ga). Is féidir sonraí a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce, ar bhonn tráchtála nó ar bhonn neamhthráchtála.

Tá tréimhse d'athrú tapa ag tarlú san AE agus tá deiseanna nua agus dúshláin nua ag eascairt ó dhomhandú, ón réabhlóid dhigiteach, patrúin oibre athraitheacha agus sochaí atá ag dul in aois. Tá an claochlú seo á threorú ag Colún Eorpach na gCeart Sóisialta trí 20 prionsabal agus ceart a bhunú le haghaidh dálaí oibre agus maireachtála níos fearr san AE.

Tá an leabhrán seo curtha i dtoll a chéile againn chun léargas ar leith a thabhairt ar na saincheisteanna sóisialta a bhfuil tionchar acu ar phobal na hEorpa sa lá inniu ann. Áirítear ann teistiméireachtaí agus scéalta fíorshaoil ó shaoránaigh AE, a thugann léargas ar an difríocht atá á déanamh ag prionsabail an Cholúin do shaol laethúil shaoránaigh an AE.

Tá grianghraif agus teistiméireachtaí ó thaispeántas faoi Cholún Eorpach na gCeart Eorpach le fáil sa leabhrán freisin, taispeántas a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach in 2018, mar aon leis na grianghraif bhuaiteacha ón gcomórtas ar líne do dhaoine óga ar fud na hEorpa, #MySocialRights.

Is féidir leat ár bhfoilseacháin a íoslódáil saor in aisce nó clárú ag:

http://ec.europa.eu/social/publications

Más mian leat nuashonrúcháin rialta a fháil faoin Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, cláraigh chun r-nuachtlitir saor in aisce Social Europe a fháil ag:

http://ec.europa.eu/social/e-newsletter

Social Europe

EU_Social

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh